Lá Fhéile Pádraig

# ELeathanach 462

Dé Luain, an 19 Márta 2024

BioBeo FESTIVAL where Education meets Bioeconomy



Seo iad na ceoltóirí ag seinm ceoil agus ag canadh ag Feis BioBeo




Seo Beo agus Raja ar an mbád ó Bhaile Átha Cliath go Holyhead!

## Feis BioBeo

https://www.biobeo.eu/

Bhí feis ar siúl sa Bhruiséil mar gheall ar an mbithgheilleagar. 'BioBeo Bioeconomy Festival' an t-ainm a bhí ar an bhfeis. Tháinig scoláirí agus páistí scoile ón Ísiltír, ó Éirinn agus ón mBruiséil chuig an bhfeis.

Tá na páistí seo ag foghlaim faoin mbithgheilleagar agus conas aire a thabhairt don domhan. Bhí páistí scoile ag canadh agus ag seinm ceoil. Bhí seó grinn ar siúl freisin. Bhain gach duine an-sult aisti.

Bhain na páistí triail as réaltacht fhíorúil! Thaitin an cheardlann seo go mór leo. Tá eolas ar fáil ar an leathanach instagram do na múinteoirí ar fad: @biobeo_eu

Níor eitil na hÉireannaigh go Feis BioBeo. Chuaigh siad ar long agus ar thraein.

1. Baile Átha Cliath – HolyHead (Long)
2. HolyHead – Londain (Traein)
3. Londain – An Bhruiséil (Eurostar)

Seo greannán a scríobh BioBeo faoin mbithgheilleagar. Beidh leagan Gaeilge ag teacht amach an tseachtain seo chugainn!

http://hdl.handle.net/10197/25436

## Dancing With the Stars

Bhí an chraobh ar siúl ag an deireadh seachtaine. Bhuaigh Jason Smyth agus Karen Byrne.

Dhamhsaigh siad an Samba leis an amhrán *Rythym Divine*. Dhamhsaigh siad damhsa seó leis an amhrán *Go the Distance*. Chaith Karen Byrne púicín nuair a dhamhsaigh sí an dara damhsa.

Dhamhsaigh na damhsóirí ó *Riverdance* freisin! Bhí an-am ag gach duine! Comhghairdeas le Jason agus le Karen.



Chaith Karen púicín toisc go bhfuil lagú radhairc ar Jason agus theastaigh uaithi aitheantas a thabhairt dó.

Ollscoil Mhá Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta